Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-64 42741. Facs:+353-90-647 3080. Gréasán: www.examinations.ie. R-phost: info@examinations.ie

S13/12

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal

Scrúdú Iodáilise an Teastais Shóisearaigh, 2012

I ndiaidh an cheist a phlé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCA), tá sé socraithe na leasuithe seo a leanas a dhéanamh ar leagan amach agus ar ualú na ranna i scrúdú Iodáilise an Teastais Shóisearaigh ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal i scrúduithe na bliana 2012 agus ina dhiaidh sin. Is é an chúis atá leis na leasuithe seo ná comhchuibhiú níos fearr a dhéanamh ar na struchtúir mheasúnuithe sna nuatheangacha Eorpacha.

(a) **Leagan amach an scrúdpháipéir agus reáchtáil na Trialach Cluastuisceana den scrúdú Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil**

Ó 2012 ar aghaidh, is mar seo a leanas a leagfar amach an scrúdpháipéar agus a reáchtálfar an Triail Chluastuisceana:

(i) Athrófar struchtúr agus leagan amach Roinn A den Triail Chluastuisceana d'fhonn na ceisteanna a chur i láthair ar bhealach níos soiléire.
Tá leaganacha leasaithe de scrúdpháipéir Ardleibhéil agus Ghnáthleibhéil na bliana 2011 faoi iamh mar léiriú ar na hathruithe a chuirfear i bhfeidhm.

(ii) Seinnfear Roinn A den Triail Chluastuisceana trí huaire.

(b) **Dáileadh na marcanna i gCuid III – Scríobh na Teanga (80 marc) ag an Ardleibhéal**

Ó 2012 ar aghaidh, is mar seo a leanas a dháilfear na marcanna a bhronntar sa roinn seo:

(i)	Litir	40 marc
(ii)	Nóta/teachtaireacht	20 marc
(iii)	Gramadach	20 marc (2 × 10)

Cuir an ciorclán seo faoi bhráid gach múinteora atá ag plé le siollabas Iodáilise an Teastais Shóisearaigh i do scoil, le do thoil.

Má tá aon cheist agat faoi seo, glaoigh ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit ag 090 644 2700, le do thoil.

Le dea-ghuí,

Majella Smyth
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Eanáir 2012